



## **Office of An Coimisinéir Teanga**

Report under subsection 26(5) of the Official Languages Act  
2003

to the Houses of the Oireachtas

on

the implementation of the recommendations of an investigation  
conducted under subsection 21(c) of the Official Languages Act 2003

Office of Public Works

**December 2013**

## **CONTENTS**

**CHAPTER 1** – Background

**CHAPTER 2** – Summary of the Investigation

**CHAPTER 3** – The Investigative Process

**CHAPTER 4** – The Next Step

**APPENDIX A** – Investigative Report

**APPENDIX B** – Correspondence from the Office of Public Works

## **CHAPTER 1 – Background**

In accordance with subsection 26(5) of the Official Languages Act 2003, I am permitted, as Coimisinéir Teanga, to lay a report before both Houses of the Oireachtas if I am of the opinion that a public body did not implement any part of the recommendations contained in a report on an investigation I had undertaken.

This report concerns an investigation relating to the Office of Public Works which my Office completed during 2011. This investigation related to the manner in which the Office of Public works displays its name on stationery and signage. The report on the investigation is provided as **APPENDIX A** to this report.

After a reasonable period of time has passed and having completed the appropriate enquiries, I have reached the conclusion that the Office of Public Works has failed to satisfactorily implement the recommendations made by the investigation.

As Coimisinéir Teanga, I am charged with taking all necessary measures under the powers granted to me to ensure that public bodies comply with the provisions of the Official Languages Act 2003. I also have the authority to conduct an investigation to determine if a public body has complied with the provisions of any other enactment relating to the status or use of an official language.

In any case where an investigative report is issued, it is emphasised that any party to the investigation, or any other person affected by the findings and recommendations of the investigation, may appeal the matter to the High Court on a point of law. No such appeal was made in respect of either of the investigations which are the subject of this report.

After a reasonable period of time has passed, it is common practice for my Office to review the manner in which public bodies have implemented the recommendations which arose from any investigation. Throughout this process, an opportunity is granted to the public body to give an account of the manner in which the recommendations were implemented.

During 2012, my Office reviewed the manner in which the Office of Public Works was implementing the recommendations made in the investigative report. During that process, the Office of Public Works stated that it had not implemented the recommendations made in the investigative report. It is on that basis that this report is being placed before both Houses of the Oireachtas.

## **CHAPTER 2 – Summary of the Investigation**

Section 21(a) of the Official languages Act requires that I monitor the way in which public bodies implement provisions of the Act. In fulfilling that duty my Office audited the implementation of its language scheme by the Office of Public Works. In completing that work it came to light that the Office of Public Works may not have been in compliance with the statutory provisions made in relation to the use of official languages on stationery and signage (S.I. 391 of 2008).

The Regulations referred to above require that headings of stationery and signage of public bodies covered by the Official Languages Act must be in Irish or in Irish and English. Where public bodies choose to use both official languages of the State on its stationery and signage, the Regulations require compliance with certain provisions in relation to visibility, legibility, font size, equality of information, etc. There is a specific provision stating that the Irish language has priority, i.e. the text in the Irish language shall appear first.

The OPW had continued to give priority to the name of the public body in English on its stationery and new signage.

The Office of An Coimisinéir Teanga cannot offer any derogation from these statutory provisions and the Office is obliged to ensure that public bodies comply with them. Were it to be accepted that the OPW did not need to comply, a precedent would be created that would allow other public bodies to breach the regulations.

I did not accept the proposition made by the Office of Public Works that the name of the public body was an integral part of the graphic or logo and therefore exempted from the statutory language obligations in accordance with an exemption given for ‘logos’ in subsection 9(1)(b)(iv) of the Regulations. I did not accept this argument as there is a provision in the Regulations which exempts the name of a company from the regulations except where the name is that of a public body.

While some may see this case as of minor importance, it has significance in that it creates a precedent and should ensure there is no misinterpretation of the exemptions under the Regulations such as might cause the Irish versions of names of public bodies to be omitted completely from signs and stationery.

It has further significance – the OPW, because of its wider responsibilities, provides signage for many public bodies throughout the country and therefore it is important that the organisation has a clear understanding of the language legislation.

In the recommendation that I made as part of the investigation, I wished to ensure that the Office of Public Works complied with the statutory provisions in the future. At the same time I was cognisant that care should be taken to ensure that no additional costs arose for the organisation in ensuring compliance. On

that basis I recommended that the stock of non-compliant stationery should be fully utilised and that the necessary amendments be applied once new stock of stationery and new signage was ordered.

## **CHAPTER 3 – The Audit Process**

Once a reasonable period of time has passed from the date on which an investigative report has been issued, my Office examines the manner in which the public body has implemented the recommendations made by the investigation. During this process, the public body is afforded the opportunity to provide an official response as regards the steps it has taken to date to implement the investigation's recommendations.

This Office wrote to the Office of Public Works in August 2012 requesting details as to how the recommendations made in the investigative report were being implemented. That communication was responded to in October 2012 and is provided as **APPENDIX B** to this report.

In its response to my Office it was apparent that the substantial recommendations that I made in the investigative report were not implemented by the Office of Public Works. The Office of Public Works restated its position that the name of the public body was an integral part of the logo and that it had received advice from the Office of the Attorney General that supported this stance. The Office of Public Works also informed us that it had received an invitation from the Secretary General of the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht in November 2011 to submit opinions in relation to the review being conducted of the Official Languages Act 2003. As part of that consultation process the Office of Public Work stated that it had requested a clear definition of logos to be incorporated in the legislation and that an exemption be made in the case of trademarks, especially trademarks registered before the Act came into effect.

In the investigative report I had already rejected the argument that the name of a public body was an integral part of the logo. Neither can I accept that submissions made as part of a public consultation process are sufficient grounds for not implementing statutory recommendations.

As is the case with any investigative report that I issue, any party to the investigation or any other person affected by the findings or recommendation has a right of appeal to the High Court on a point of law. The Office of Public Works did not avail of that right but also chose not to implement certain statutory recommendations that I had made.

## **CHAPTER 4 – The Next Step**

As Coimisinéir Teanga, it is my responsibility to take all necessary measures within my sphere of authority to ensure that public bodies comply with the provisions of the Official Languages Act. This is achieved by monitoring public bodies, providing advice to the public regarding their rights under the Act, and providing advice to public bodies regarding their obligations under the Act.

When it appears to me that public bodies may be neglecting their obligations under the Official Languages Act or under other enactments relating to the status or use of Irish, I have the authority to initiate an investigation on the matter.

The report issued by me at the conclusion of an investigation contains both findings and recommendations. The public body in question is obliged to implement those recommendations within a reasonable period of time, or within a specific period of time as may be set out in the recommendations. Any party to an investigation under the Act or any other person affected by my findings and recommendations following such an investigation has the right to make an appeal to the High Court on a point of law.

No such appeal was undertaken in the case of the investigation that is the subject of this report. Once a reasonable period of time had passed from the issuing of the investigative report, my Office examined the measures undertaken by the Office of Public Works to implement the various recommendations. During this process, the public body was afforded the opportunity to respond in respect of the implementation of those recommendations. A copy of that response is attached as an appendix to this report.

After reviewing the case in its entirety, I believe that an important recommendation made in the investigative report has not been appropriately implemented by the Office of Public Works and I cannot, under the powers granted to me, undertake any additional measures to impress upon them to do so.

It is on that basis that I lay this report before both Houses of the Oireachtas.

It falls to the Houses of the Oireachtas to take whatever additional measures they deem appropriate.

## **APPENDIX A**

# **Tuarascáil faoi alt 26 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar**

**Imscrúdú faoi fho-alt 21(c) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Oifig na nOibreachá Poiblí**

**IM-232A**

## **Ábhar an Imscrúdaithe**

An bhfuil sárú á dhéanamh ag Oifig na nOibreachá Poiblí ar na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhfo-ailt 7(1)(a) agus 7(2)(a) d'Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 391 de 2008) – [Na Rialacháin um Acht an dTeangacha Oifigiúla 2003 (ALT 9) 2008] fad is a bhaineann sé leis an téacs i nGaeilge a bheith ann ar dtús i gceannteidil ar stáiseánóireacht an chomhlachta poiblí (ón 1 Márta 2011) agus i gcás comharthaíocht nua a shuitear in aon suíomh ón 1 Márta 2009?

## **CLÁR**

<b>CAIBIDIL 1 – Cúlra</b>	<b>lch 3</b>
<b>CAIBIDIL 2 – Cás Oifig na nOibreacha Poiblí</b>	<b>lch 5</b>
<b>CAIBIDIL 3 – Osradharc Ginearálta ar an Imscrúdú</b>	<b>lch 7</b>
<b>CAIBIDIL 4 – Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí</b>	<b>lch 13</b>
<b>CAIBIDIL 5 – Achomhairc chuig an Ard-Chúirt</b>	<b>lch 15</b>
<b>CAIBIDIL 6 – Tuairimí á Lorg</b>	<b>lch 16</b>

## **AGUISÍN A**

## **AGUISÍN B**

## **CAIBIDIL 1**

### **Cúlra**

Tháinig sé chun solais de thoradh córas faireachán m’Oifige go raibh stáiseanóireacht agus comharthaíocht de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí a raibh amhras ann an raibh sé ag teacht leis na forálacha reachtúla maidir le húsáid teangacha oifigiúla.

Tharraing m’Oifig an cheist seo anuas le hOifig na nOibreacha Poiblí le linn an iniúchadh ar chur i bhfeidhm a scéim teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, ach níor éirí leis an bpróiseas sin an cheist a réiteach.

Theastaigh uaim, de thoradh an imscrúdaithe seo, a shoiléiriú an raibh nó nach raibh Oifig na nOibreacha Poiblí ag sárú na bhforálacha reachtúla sa chás seo.

Go hachomair, leagann na Rialacháin faoi fho-alt 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla dualgas ar chomhlachtaí poiblí i dtaca le húsáid na dteangacha oifigiúla (Gaeilge agus Béarla) ar aon chomharthaí nua a chuirfeadh siad in airde tar éis 1 Márta 2009 agus ar stáiseanóireacht nua nach raibh fós ina seilbh ar an dáta sin. Tá cóip den Ionstraim Reachtúil ina leagtar síos na Rialacháin sin (I.R. Uimh. 391 de 2008) – [Na Rialacháin um Acht an dTeangacha Oifigiúla 2003 (ALT 9) 2008] mar **AGUISÍN A** leis an tuarascáil seo.

Tá údarás agus cumhactaí reachtúla tugtha dom faoi ailt 21-29 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 le himscrúduithe a sheoladh. Bheartaigh mé tabhairt faoi imscrúdú sa chás mar a cheadaítear dom faoi fho-alt 21(c) den Acht.

Ba é an nós imeachta a bheartaigh mé don chéad chéim den imscrúdú ná litir a sheoladh chuig Cathaoirleach Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí, mar cheann an chomhlachta phoiblí, ag lorg eolais ar leith, freagraí ar cheisteanna ar leith chomh maith le haon fhaisnéis, taifid nó rud eile den sórt sin a bhain le hábhar an imscrúdaithe.

D’iarr mé go gcuircí an t-eolas cuí sin ar fáil faoin 4 Bealtaine 2011 agus thairg mé deis ar shoiléiriú ar aon ghné de riadarh an t-imscrúdú trí theagmháil le m’Oifig. D’aontaigh mé le hiarratas ón eagraíocht síneadh ama a thabhairt lena bhfreagra a ullmhú.

Cuireadh an freagra sin ar fáil i litir a fuair mé ar an 24 Bealtaine 2011. Tá an chumarsáid sin mar **AGUISÍN B** leis an tuarascáil seo.

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta agus, i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe. Féadaim aon mholadh is cuí, ag féachaint don imscrúdú, a áireamh sa tuarascáil sin.

Tugadh aird chuí ar a raibh le rá ag Oifig na nOibreacha Poiblí in ullmhú leagan críochnaitheach na tuarascála.

## **Comhoibriú**

Cuireadh an t-eolas a bhí iarrtha san imscrúdú ar fáil go críochnúil agus go gairmiúil dom. Is mór agam an comhoibriú a thug Oifig na nOibreacha Poiblí dom le linn an phróisis imscrúdaithe.

## CAIBIDIL 2

### Cás Oifig na nOibreacha Poiblí

Sa bhfreagra ó Oifig na nOibreacha Poiblí, atá mar **AGUISÍN B** leis an tuarascáil seo, shéan na Coimisinéirí gur sháraigh siad na rialacháin (I.R. Uimh.391 de 2008) faoi fho-alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla i gcás a gceannteideal stáiseanóireachta agus aon chomharthaíocht nua atá acu:

*“Ní ghlaicann Oifig na nOibreacha Poiblí leis go sáraíonn na ceannteideal ar stáiseanóireachta agus na comharthaí nua atá againn na dualgais reachtúla maidir le húsáid teangacha oifigiúla mar atá daingnithe in Ionstraim Reachtúil Uimhir 391 de 2008 faoi fho-alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.”*

Mar shoiléiriú ar seo, bhí an méid seo le rá ag Oifig na nOibreacha Poiblí:

*“De réir alt 7 den Ionstraim reachtúil Uimhir 391 de 2008 beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le stáiseanóireacht agus comharthaí agus (mar a fheiceann tú thuas i gcás stáiseanóireacht) tá na forálacha sin ar fad curtha i bhfeidhm ar stáiseanóireacht agus ar chomharthaí na hOifige seo.*

*Tá an téacs i nGaeilge ann ar dtús.*

*Tá an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla agus ar an taobh céanna den leathanach lena mbaineann.*

*Níl na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla.*

*Cuireann an téacs i nGaeilge an fhaisnéis chéanna in iúl leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl.*

*Níl na focal sa téacs i nGaeilge giorraithe ach amháin má tá an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúcháin air é, giorraithe freisin.”*

Thug Oifig na nOibreacha Poiblí an léargas seo a leanas i dtaca le hábhar na himscrúduithe:

*“Tuigim ónár gcomhráite le foireann d'oifige, go háirithe i dtaca leis an bhfaireacháin a rinneadh ar chur i bhfeidhm ár scéim teanga, gur dearadh lógó na h-oifige atá mar bhunús na h-imscrúduithe. Más ea creidim go láidir go bhfuil díolúine ón reachtaíocht i gceist anseo. De réir ailt 9.1 (b) (ii) agus (iii) ní fhorléireofar aon ní sna Rialacháin seo mar ní lena gceanglaítear ar chomhlacht poiblí aistriúchán a dhéanamh ó theanga oifigiúil amháin go dtí an teanga oifigiúil eile i gcás na nithe seo a leanas:-*

*(ii) lógó*

*(iii) ainm branda*

*Tuigim ó méad seo mar sin nach bhfuil gá ár lógó a athrú nó a aistriú. Is bunchuid de ghrafaic nó léaráid lógó na hoifige seo an foclaíocht atá leis. Scríobh mé chuig Oifig Príomh-Aturnae an Stáit ag lorg comhairle faoin gceist agus chuaigh an Oifig sin chuig Oifig an Ard-Aighne chun comhairle a lorg. Is é an comhairle a bhfuarthas ná go mbaineann an díolúine i Rialacháin (9)(1)(b)(ii) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) Rialacháin 2008 leis an lógó ata cláraithe ag an OOP. Molann Oifig an Ard-Aighne freisin gur ‘Ainm Branda’ an lógó – faoi mír (iii) den alt céanna dos na Rialacháin 2008. Comhairlíonn an Oifig sin nach bhfuil lógó ná ainm branda teoranta d'earraí ach go mbaineann siad le seirbhísí freisin. Tá cóip den comhairle a bhfuarthas leis seo. Ins dteannta sin tá cóip den deimhniú clárúcháin trádmharc ó Oifig na bPaitinní atá i bhfeidhm ó 13 Deireadh Fómhair 1999, a léiríonn gur chuid bhunúsach den lógó an foclaíocht agus nach féidir an foclaíocht mar atá a dheighilt ón lógó.”*

## **CAIBIDIL 3**

### **Osradharc Ginearálta ar an Imscrúdú**

Baineann an t-imscrúdú seo leis na Rialacháin atá déanta faoi fho-alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (I.R. Uimhir 391 de 2008).

Daingnítear sna rialacháin má bheartaíonn comhlacht poiblí – ar nós Oifig na nOibreacha Poiblí - dhá theanga oifigiúil an Stáit, Gaeilge agus Béarla, a úsáid ina gcuid stáiseanóireachta agus comharthaíochta go gcloífidh siad le leagan amach áirithe maidir le feiceálacht, inléiteacht, méid cló, eolas agus eile.

Déantar foráil ar leith go mbeidh túis aite ag an nGaeilge, .i. *go mbeidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús.*

Ar chomharthaíocht nua agus ar stáiseanóireacht nua Oifig na nOibreacha Poiblí, is léir, tríd is tríd, go bhfuil aird chuí tugtha ar na forálacha reachtúla ach is léir freisin go bhfuil túis áite tugtha d'ainm an chomhlachta poiblí trí Bhéarla áit a bhfuil *The Office of Public Works* (i ndath dearg chun cinn ar an leagan Gaeilge, *Oifig na nOibreacha Poiblí* i ndath gorm.

Déarfaidh daoine áirithe gur mionphointe é seo.

Ach i ndaingniú na bhforálacha reachtúla seo rinne Tithe an Oireachtas cúram ar leith den phointe seo nuair a treoraíodh go mbeidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús.

Ní ceadmhach don Oifig seo leasú nó maolú ar bith a dhéanamh ar na forálacha sin agus is é an gnó atá againne ná a chinntiú go gcloíonn comhlachtaí poiblí leo.

Dá nglacfaí leis nár ghá cloí leis i gcás Oifig na nOibreacha Poiblí, bheifí ag bunú fasach nár ghá cloí leis in aon chomhlacht poiblí eile.

Shoileáirigh Oifig na nOibreacha Poiblí don imscrúdú go raibh an eagraíocht sin den tuairim láidir go rabhadar ag cloí go hiomlán agus go cuí leis na forálacha reachtúla. Dhírigh siad ár n-áird ar díolúine áirithe a bhí ceadaithe sna rialacháin:

*“De réir ailt 9.1 (b) (ii) agus (iii) ní fhorléireofar aon ní sna Rialacháin seo mar ní lena gceanglaítear ar chomhlacht poiblí aistriúchán a dhéanamh ó theanga oifigiúil amháin go dtí an teanga oifigiúil eile i gcás na nithe seo a leanas:-*

- (ii) lógó*
- (iii) ainm branda*

### **Lógó agus ainm comhlachta poiblí**

Rinneadh an argóint gur bunchuid de ghrafaic nó léaráid lógó na hoifige sin an foclaíocht atá leis agus go raibh sé saor ó riachtanais reachtúla teanga dá bharr sin. Ainm an

chomhlachta poiblí i mBearla ar dtús agus ansin i nGaeilge atá i gceist leis an bhfoclaiocht sin.

Níl sáinmhniú ar leith tughta ar an bhfocal “lógó” chun críche Acht na dTeangacha Oifigiúla nó sna rialacháin atá déanta faoin Acht sin. Da bhrí sin is é an riail forléirithe go bhféachtar ar gnáth bhrí na bhfocal.

Is é an gnáth sainmhíniú atá ar lógó ná siombail, samhail, comhartha, dearadh nó léaráid phictiúrtha a úsáidtear chun aitheantas ar leith a éascú.

Samplaí simplí de lógónna ó chomhlachtaí poiblí nach bhfuil riachtanas a n-aistriú ó theanga amháin go dtí an ceann eile iad seo a leanas ag Bord Soláthar an Leictreachais agus ag Raidió Teilifís Éireann:



D'aontóinn le hOfiag na nOibreacha Poiblí nár gha lógó na heagraíochta sin a leasú lena sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla de bharr na díolúine sna rialacháin reachtúla teanga. Feictear domsa áfach nach cuid den lógó sa chás seo ainm iomlán an chomhlachta poiblí atá i dteannta an lógó agus tá foráil ar leith reachtúil déanta sna rialacháin ina leith sin.

Creidim gurbh é seo a leanas lógó Oifig na nOibreacha Poiblí



agus ó tharla an díolúine a bheith ceadaithe faoi na rialacháin, ní gá é sin a sholathar sa dhá theanga oifigiúil.

Ina theanta sim, tá ainm iomlan an chomhlachta poiblí tughta mar seo:



Ní chreidim go mbaineann díolúine le hainm iomlan an chomhlachta poiblí sin de bharr na forála i bhfo-alt alt 9(1) (b)(iv) de na rialacháin.

*“Ní fhoreileofar aon ní sna Rialacháin seo mar ní lena gceanglaítear ar chomhlachta poiblí—*

*(b) aistriúchán a dhéanamh ó theanga oifigiúil amháin go dtí an teanga oifigiúil eile i gcás na nithe seo a leanas—*

*(iv) ainm comhlachta (seachas comhlacht poiblí). ”*


[Aibhsíú déanta anseo].

Is léir dom go ndearnadh machnamh ar an gceist seo maidir le hainmneacha comhlachta poiblí nuair a bhí na rialacháin seo á mbeartú agus á ndaingniú. Rinneadh eisceacht nó díolúine i gcás gach cineál comhlachta eile ach amháin comhlachtaí poiblí.

Mura bhfuil eisceacht nó díolúine i gceist i gcás ainm chomhlachta poiblí is ceart go mbeadh dhá theanga oifigiúil an stáit in úsáid ina gcuid stáiseanóireachta agus

comharthaíochta agus go mbeadh an úsáid sin faoi réir ag na rialacháin, san áireamh an fhoráil go mbeadh an téacs i nGaeilge ann ar dtús.

Samplaí de lógónna agus ainmneacha chomhlacht poiblí á úsáid go cuí i gcomhréir leis na rialacháin iad na samplaí seo a leanas:



Díol spéise don imscrúdú é go raibh faisnéis tacaíochta ó dhá chomhlacht poiblí eile i dteannta freagra Oifig na nOibreacha Poiblí chuig an imscrúdú, mar atá Oifig an Ard-Aighne agus Oifig na bPaitinní. Maidir le ceantteideal stáiseanóireachta agus ainmneacha na gcomhlachtaí poiblí sin ar an gcomhfhereagras a chuireadh faoinar mbráid, bhí túis áite ag an nGaeilge i ngach cás i gcomhréir leis an bhforáil in Alt 7 den na rialacháin.

### Lógó Cláraithe?

Tagraítear do lógó Oifig na nOibreacha Poiblí a bheith "cláraithe." Ní léir dom go bhfuil aon chóras ann sa thír seo le lógónna astú féin a chlárú go hofigiúil mar lógónna.

Cuireadh faisnéis ar fáil don imscrúdú go raibh trádmharc cláraithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí faoi Acht na dTrádmharcanna 1996 [Trádmharc uimhir 217200 ó 13 Deireadh Fómhair 1999]

Ní dhéantar aon tagairt sna rialacháin reachtúla teanga [IR391 de 2008] do dhíolúine de chineál ar bith a bheith tugtha i gcás trádmharc cláraithe.

Tagraítear den difríocht idir trádmharc agus lógó in *Symonds Cider & English Wine Co. Ltd v. Showerings (Ireland) Ltd* [1997] 1 ILRM.

Feictear dom go bhfuil lógó agus ainm ionlán Oifig na nOibreacha Poiblí i mBéarla agus i nGaeilge cláraithe mar thrádmharc (ní mar lógó) ach ní chinntíonn an gníomh sin díolúine ós na rialacháin reachtúla teanga nuair nach bhforáiltear do dhíolúine i gcás trádmharcanna.

### Ainm branda

Déantar an cás freisin gur ainm branda atá i lógó agus ainm ionlán Oifig na nOibreacha Poiblí i mBéarla agus i nGaeilge i dteannta a chéile.

Níor cuireadh aon fhaisnéise i láthair an imscrúdaithe a thacódh leis an dearcadh sin seachas a rá go raibh comhairle tugtha ina leith seo ag Oifig an Ard Aighne: “*Molann Oifig an Ard-Aighne freisin gur ‘Ainm-Branda’ an lógó – faoi mír (iii) den alt céanna dos na Rialacháin 2008*”.

I gcomhairle Oifig an Ard-Aighne ní dheirtear faoin “moladh” sin ach an méid seo; “*You could also say that it is a “BRAND NAME” – under par (iii). Logos and brand-names are no longer seen as confined to goods – they also apply to services.*”

Níl aon amhras ann ach go bhforáiltear do dhíolúine ós na rialacháin reachtúla teanga d’ainm branda. Glacann an t-imscrúdú leis freisin nach bhfuil aon amhras ann ach gur féidir le hainm branda tagairt do tháirgí nó do sheirbhísí.

Ach ní féidir liom géilleadh don teoiric gur “ainm branda” é an cumasc sin de shiombail gur léaráid phictiúrtha é i dteannta na ceannlitreacha OPW atá mar lógó agus ainm an chomhlachta poiblí i mBéarla agus i nGaeilge.

Ní chreidim go bhfuil aon duine ann a thagródh go fírinneach “d’ainm branda” an chomhlachta poiblí atá i gceist san imscrúdú seo mar “OPW, The Office of Public Works, Oifig na nOibreacha Poiblí.”

Mar argóint bhrefise deirtear sa chomhairle sin “*It makes sense that the English appears first because it explains the initials OPW.*” Ní chreidim gur léirmhiniú dlíthiúil atá sa phointe seo agus ní thagraíonn sé don fhorál i bhfo-alt 7 de na rialacháin reachtúla teanga “*go mbeidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús.*”

## Aonteangach

Dá nglacfaí le léirmhíniú Oifig na nOibreacha Poiblí gur cuid den lógó/ainm branda é ainm an chomhlachta poiblí sa chás seo bheadh de thoradh air sin go mbeadh díolúine ag ainm an chomhlachta poiblí ó na rialacháin reachtúla teanga agus níor ghá é a úsáid ach i dteanga amháin i stáiseanóireacht agus i gcomharthaíocht.

Ba leor a rá gur lógó/ainm branda é ainm aon chomhlachta poiblí agus soláthar aonteangach a dhéanamh ina leith. Ní chreidim go raibh sin ar intinn ag lucht déanta na rialacháin reachtúla seo ach gurbh é a mhalairt glan a bhí i gceist acu, a chinntíú go mbeadh feiceáilte na Gaeilge méadaithe in obair agus in íomhá chomhlachtaí poiblí na tíre.

## Soiléir

Leagann na Rialachán síos go soiléir cén bealach ar chóir caitheamh le hainm aon chomhlachta poiblí ar stáiseanóireacht nó ar chomharthaíocht.

Caithfear ainm an chomhlachta phoiblí a chur ar fáil i nGaeilge **nó** go dátheangach. Más téacs dátheangach (seachas téacs i nGaeilge amháin) atá á úsáid bíonn feidhm leis na rialacha a leanas:

- Beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús.
- Beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla.
- Ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla.
- Maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl.
- Ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

Trí ainm an chomhlachta poiblí a thabhairt i mBéarla ar dtús tá an fhoráil soiléir reachtúil seo á sarú sa chás seo.

Cé go bhfeicfeadh daoine áirithe é seo mar mhionphointe, tá tabhacht leis mar fhasach mar atá luaithe thuas agus le cinntiú nach ndéanfaí léirmhiniú míchruinn ar na diolúine a ceadaítear faoi na rialacháin leis an nGaeilge a fhágáil ar lár ar fad in ainmneacha chomhlachtaí poiblí.

Tá tábhacht eile leis – beidh, de bharr na gcúramaí atá ar an eagraíocht, an OPW freagrach as comharthaíocht a sholáthar do chuid mhór comhlachtaí poiblí ar fud na tíre agus tá sé tábhachtach go mbeadh léirmhíniú cruinn ar na forálacha reachtúla teanga ag an eagraíocht sin.

Agus fionnachtain á dhéanamh ag an imscrídú seo go bhfuil sárú á dhéanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhfo-ailt 7(1)(a) agus 7(2)(a) d'Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 391 de 2008) mar nach bhfuil an téacs i nGaeilge ann ar dtús in ainm an chomhlachta poiblí i gceannteidil stáiseanóireacht (ón 1 Márta 2011) agus i gcás comharthaíocht nua a shuitear in aon suíomh ón 1 Márta 2009, is ceart a bheith fíor-chúramach nach gcuirfear aon chostas breise ar an eagraíocht lena ngéilliúlacht don riachtanas reachtúil seo a chinntiú.

I bhfianaise an staid reatha eacnamaíochta beidh an t-imscrídú seo ag moladh d'Oifig na nOibreacha Poiblí an stoc reatha de stáiseanóireacht atá ina seilbh a úsáid ar fad ar dtús agus na leasuithe maidir le túis áite a thabhairt don leagan Gaeilge d'ainm an chomhlachta poiblí a thabhairt i bhfeidhm in aon stoc nua nach bhfuil ordaithe nó i seilbh an chomhlachta poiblí faoi láthair.

Maidir le túis áite a thabhairt feasta d'úsáid an leagan Gaeilge d'ainm an chomhlachta poiblí i gcomharthaíocht nua a chuirfear in airde, arís molfar go ndéanfar sin ar bhealach stuama, tuisceanach a chinnteoidh nach mbeidh aon chostas suntasach breise i gceist don chomhlacht poiblí.

I ndeireadh an lae, is faoin gcomhlacht poiblí féin a bheidh sé an mionleasú seo a dhéanamh ar chostas ar bhonn nialasach.

Ní miste a lua freisin go bhfuil mionbhotún eile nár mhór a cheartú i stáiseanóireachta reatha Oifig na nOibreacha Poiblí. Tugtar seoladh oifigiúil an chomhlachta poiblí i nGaeilge mar “Sráid Jonathan Swift Street” in áit “Sráid Jonathan Swift.”

## CAIBIDIL 4

### Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scribhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadaim aon mholtaí is cuí liom ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

### Fionnachtain an Imscrúdaithe

Is í seo a leanas fionnachtain an imscrúdaithe:

- Go bhfuil sárú á dhéanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhfo-ailt 7(1)(a) agus 7(2)(a) d’Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 391 de 2008) – [Na Rialacháin um Acht an dTeangacha Oifigiúla 2003 (ALT 9) 2008] fad is a bhaineann sé leis an téacs i nGaeilge a bheith ann ar dtús i gceannteidil ar stáiseanóireacht an chomhlachta poiblí (ón 1 Márta 2011) agus i gcás comharthaíocht nua a shuitear in aon suíomh ón 1 Márta 2009.

### Moltaí an Imscrúdaithe

Ag féachaint don imscrúdú, is iad seo a leanas na moltaí atá á ndéanamh agam mar Choimisinéir Teanga:

#### Stáiseanóireacht

- (1) Go leasóidh Oifig na nOibreacha Poiblí ceannteidil stáiseanóireacht na heagraíochta le cloí leis na forálacha atá daingnithe sna rialacháin reachtúla teanga faoi Alt 9 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla trí ainm an chomhlachta poiblí a bheith ann ar dtús i nGaeilge.
- (2) Go leasóidh Oifig na nOibreacha Poiblí seoladh oifigiúil an chomhlachta poiblí i nGaeilge ó “Sráid Jonathan Swift Street” go “Sráid Jonathan Swift.”
- (3) Gan dochar don dualgas láithreach a bhfeictear don imscrúdú a bheith i gceist anseo, go dtabharfar faoin leasú seo a thabhairt i bhfeidhm nuair atá an chéad stoc eile de stáiseanóireacht á ordú ag an gcomhlacht poiblí le cinntiú go n-ídítear go cuí an stoc reatha stáiseanóireachta agus gur ar chostas ar bhonn nialasach a thabharfar an t-athrú i bhfeidhm.

## **Comharthaíocht**

- (4) Go leasóidh Oifig na nOibreacha Poiblí an leagan amach atá ar aon chomharthaíocht nua a chuireann an comhlacht poiblí in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann faoi réir na bhforálacha atá daingnithe sna rialacháin reachtúla teanga faoi Alt 9 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla trí aimm an comhlacht poiblí a bheith ann ar dtús i nGaeilge.
- (5) Gan dochar don dualgas láithreach a bhfeictear don imscrúdú a bheith i gceist anseo, go dtabharfar faoin leasú seo a thabhairt i bhfeidhm i gcás gach comhartha nua a chuireann an comhlacht poiblí in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann ón 01 Lúnasa 2011 faoi réir na bhforálacha atá daingnithe sna rialacháin reachtúla teanga faoi Alt 9 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- (6) Gan dochar don dualgas a bhí i gceist i leith an ábhar seo ón 01 Márta 2009 nach rachfar i gcostas anois le leasuithe a dhéanamh ar na comharthaí sin a cuireadh in airde san idirlinn le cinntíú gur ar chostas ar bhonn nialasach a thabharfar an leasú i bhfeidhm feasta.

## **CAIBIDIL 5**

### **Achomhairc chuig an Ard-Chúirt**

Meabhraítear anseo go bhfuil sé de cheart ag páirtí in imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, nó ag aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdaithe den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Is ceart a thabhairt faoi deara gur gá achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 seachtaíne tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc. Féach freisin I.R.14 de 2007.

Seo a leanas mar atá na forálacha sin d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Fo-alt 28(1)

*Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nō aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nō di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.*

Fo-alt 28(2)

*Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.*

Fo-alt 28(3)(a)

*I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nō iad go léir, a íoc.*

Fo-alt 28(3)(b)

*Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nō iad go léir, a íoc.*

Fo-alt 28(4)

*Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi fho-alt (1), sonrófar ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.*

## **CAIBIDIL 6**

### **Tuairimí á Lorg**

Faoi fho-alt 26(4) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, iarraim mar Choimisinéir Teanga ar Oifig na nOibreacha Poiblí aon tuairimí a bheadh aici, más ann dóibh, maidir le fionnachtana agus moltaí atá ar áireamh sa tuarascáil seo a chur faoi mo bhráid laistigh de thréimhse 6 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí atá sa tuarascáil a bheith faigte ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

---

Seán Ó Cuirreáin  
An Coimisinéir Teanga

Dáta: \_\_\_\_\_

## **APPENDIX B**



Ceann Oifig  
Sráid Jonathan Swift  
Baile Átha Troim  
Co. na Mí

Head Office  
Jonathan Swift Street  
Trim  
Co Meath

Tel/Phone: (046) 942 6000  
Facs/Fax: (046) 948 1793  
losghlao/LoCall 1890 213414  
Suíomh gréasáin/website: [www.opw.ie](http://www.opw.ie)

2 Deireadh Fómhair, 2012

Colm Ó Coisdealbha, Uas.  
Bainisteoir Géilliúlachta  
Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifiguila  
An Spidéal  
Co. na Gaillimhe

A Chara,

Tagraím do do litir dár dáta 30 Lúnasa 2012 ag lorg cuntas ar na céimeanna a ghlac Oifig na nOibreacha chun moltaí an Choimisinéara Teanga óna Thuairisc a eisíodh ar 9 Meitheamh 2011 a chur i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas moltaí na tuarascála sin:

#### Stáiseanóireacht

- (1) Go leasóidh Oifig na nOibreacha Poiblí ceannteidil stáiseanóireacht na heagraíochta le cloí leis na forálacha atá daingnithe sna rialacháin reachtúla teanga faoi Alt 9 d'Acht na dTeangacha Oifiguila trí ainm an chomhlachta poiblí a bheith ann ar dtús i nGaeilge.
- (2) Go leasóidh Oifig na nOibreacha Poiblí seoladh oifiguil an chomhlachta poiblí i nGaeilge ó "Sráid Jonathan Swift Street" go "Sráid Jonathan Swift."
- (3) Gan dochar don dualgas láithreach a bhfeictear don imscrúdú a bheith i gceist anseo, go dtabharfar faoin leasú seo a thabhairt i bhfeidhm nuair atá an chéad stoc eile de stáiseanóireacht á ordú ag an gcomhlacht poiblí le cinntíú go n-ídítear go cuí an stoc reatha stáiseanóireachta agus gur ar chostas ar bhonn nialasach a thabharfar an t-athrú i bhfeidhm.

#### Comharthaíocht

- (4) Go leasóidh Oifig na nOibreacha Poiblí an leagan amach atá ar aon chomharthaíocht nua a chuireann an comhlacht poiblí in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann faoi réir na bhforálacha atá daingnithe sna rialacháin reachtúla teanga faoi Alt 9 d'Acht na dTeangacha Oifiguila trí ainm an chomhlachta poiblí a bheith ann ar dtús i nGaeilge.
- (5) Gan dochar don dualgas láithreach a bhfeictear don imscrúdú a bheith i gceist anseo, go dtabharfar faoin leasú seo a thabhairt i bhfeidhm i gcás gach comhartha nua a chuireann an comhlacht poiblí in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann ón 01 Lúnasa 2011 faoi réir na bhforálacha atá daingnithe sna rialacháin reachtúla teanga faoi Alt 9 d'Acht na dTeangacha Oifiguila.
- (6) Gan dochar don dualgas a bhí i gceist i leith an ábhar seo ón 01 Mártá 2009 nach rachfar i gcostas anois le leasuithe a dhéanamh ar na comharthaí sin a cuireadh in airde san idirlinn le cinntíú gur ar chostas ar bhonn nialasach a thabharfar an leasú i bhfeidhm feasta.


Maidir leis an moladh i mír (2) thusa, tá na botún maidir le ainm na sráide sé sin 'Sráid Jonathan Swift' ceartaithe againn – féach an stáiseanóireacht leis an litir seo,

Mar is eol duit is é a áitíonn an Oifig seo go bhfuil trí chuid d'ár lógó ina ionmláin sé sin an triantán, na cinnlitreacha agus an teacs i geló iodálach. Fritheadh comhairle ó Oifig an Ard-Aighne a n-aontaíonn leis an dtuairim sin. Aithníonn tuairisc an Choimisinéara 'go bhfuil lógó agus ainm ionlán Oifig na n-Oibreacha Poiblí i mBéalra agus i nGaeilge cláraithe mar thrádmharc (ní mar lógó) ach nach gcaintíonn an gníomh sin diolólúine ós na rialacháin reachtúla teanga nuair nach bhforáiltear do dhíolólúine i gcás trádmharcanna'. Scriobh Ard-Rúnaí na Roinne Ealón, Oidhreachta agus Gaeltachta chugam i Mi na Samhain seo caite ag insint dom go bhfuil athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 idir láimhe agus thug sé deis dom tuairimí Oifig n n-Oibreacha ina leith a chur ar aghaidh. Mar fhreagra ar an gcuireadh sin mhol mé sainmhíniú soiléir ar 'lógó' a thabhairt san reachtaíocht. Mhol mé freisin go mbeadh diolólúine i gceist faoi Alt 9.1. (b) de IR 391 de 2008 do thrádmharcanna agus go h-áirithe trádmharcanna a chláru roimh achtú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Táimid ag fanacht ar thoradh na h-athbhreithnithe sin.

Má tá toradh na h-athbhreithnithe i bhfabhar na moltaí atá déanta agam ní bheidh gá na moltaí eile i dtaobh ár lógó atá i dtuairisc an Choimisinéara a phlé arís.

Tá athbhreithniú idir láimh againn le tamall anuas maidir le comharthaíocht ag ár suíomhanna oidhreachta agus ár oifigí poiblí lena cinnitiú go bhfuil siad ag comhlíonadh forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Is mise le meas



Clare McGrath  
Cathaoirleach